

## Scoil Dhún Chaoin 16281A

### Próiseas le gearán a dhéanamh

Tá an chumarsáid thar a bheith tábhachtach i saol na scoile seo. Cuirtear béim ar an ndea - chumarsáid a chothú le cur leis an dea-riar, dea-iompar srl a bhíonn an scoil ag súil leis ó na páirtithe go léir.

#### An fhoireann:

Tógaimid treoir ón ndoiciméid “Working Together” agus déanfar gach iarracht inár bpolasaithe féin dea-chaidreamh a éileamh agus a chothú idir na páirtithe go léir.

#### Do thuismitheoirí/caomhnóirí na scoile:

Leanfar an próiseas, faoi mar atá comhaontaithe idir an CPSMA agus INTO, le go mbeidh ar chumas thuismitheoirí gearán a dhéanamh faoi/le múineoirí.

Ní dhéanfaidh Bord Bainistíochta na scoile iniúchadh foirmiúil ar ghéarán ó thuismitheoirí aon leanbh faoi mhúinteoir sa scoil, ach amháin má tá an gearán sin déanta i scríbhinn agus é sínithe ag thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta eisceacht nuair a cheapann siad go bhfuil

- aon cheist faoi ábaltacht phroisiúnta an mhúinteora atá curtha faoi bhráid Comhairle na Múinteoirí.
- gearáin áiféiseacha, nach bhfuil aon bhrí leo agus gearáin nach gcuireann as do obair an mhúinteora sa rang.
- gearáin go bhfuil ceist dlí fúthu nó próiseas eile.

B'fhéidir go ndéanfar féachaint ar ghearáin nach bhfuil i scríbhinn go neamhfhoirmiúil, mar atá leagtha amach i gcéim 1 den bpolasaí seo

#### Céim 1

- 1.1 Má theastaíonn ó thuismitheoir/caomhnóir gearán a dhéanamh, ba cheart dóibh dul chun cainte leis an múinteoir ranga, le hiarracht teacht ar réiteach.
- 1.2 Muna bhfuil an thuismitheoir/caomhnóir ábalta teacht ar réiteach, ba cheart dó/dí dul chun cainte leis an bpríomhoide le teacht ar réiteach.

#### Céim 2

- 2.1 Muna bhfuil réiteach fós tar éis teacht ar an gceist agus má theastaíonn ó thuismitheoir/caomhnóir leanúint leis ar aghaidh leis an ngearán, ba cheart dó/dí an gearán a chuur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
- 2.2 Ba chóir don Chathaoirleach míniú cruinn a thabhairt don mhúinteoir faoin ngearán scríofa atá déanta agus gach iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach laisitigh de thréimhse 5 lá den ghearán scríofa a fháil.

#### Céim 3

3. Muna bhfuil réiteach ar an fhadhb go neamhfhoirmiúil, ba cheart don gCathaoirleach (le réamh chead ginearálta an Bhoird ach amháin ins na cásanna go gceapann an Cathaoirleach go bhfuil gá le réamh chead an Bhoird a fháil)
  - a. cóip den ngearán scríofa a thabhairt don mhúinteoir
  - b. cruinniú a eagrú agus nuair atá sé oiriúnach do labhairt leis an bpríomhoide le h-iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach. Ba cheart do chruinniú dá

leithéid seo a bheith ar siúl laistigh de thréimhse 10 lá den ghearán scríofa a fháil

#### **Céim 4**

- 4.1 Muna bhfuil réiteach déanta ar an ngearán, ba cheart don gCathaoirleach tuairisc foirmiúil a thabhairt don Bhord Bainistíochta laistigh de 10 lá den chruinniú luaite i 3.1 thuas.
- 4.2 Má thagann an Bord Bainistíochta ar chinneadh nach bhfuil aon bhunús leis an ngearán, ba cheart é sin a chur in iúl don mhúinteoir agus do na gearánaithe laistigh de 3 lá den chruinniú Boird.
- 4.3 Má thagann an Bord Bainistíochta ar chinneadh go bhfuil bunús leis an ngearán nó go bhfuil gá le breis iniúchadh a dhéanamh, leantar na treoracha seo a leanas:
  - (a) a chur in iúl don mhúinteoir go bhfuil an t-imscrúdú ag dul ar aghaidh chuig an chéad chéim eile
  - (b) ba cheart don mhúinteoir cóip scríofa den fhianaise ag tacú leis an ngearánaí a fáil
  - (c) ba cheart iarraidh ar an múinteoir ráiteas scríofa a sholáthar don Bhord Bainistíochta mar fhreagra ar an ngearánaí
  - (d) ba cheart seans a thabhairt don mhúinteoir a c(h)ás a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta. Bheadh sé de cheart ag múinteoir cara a bheith leo nó tacú leo ag aon chruinniú mar seo.
  - (e) is féidir leis an mBord Bainistíochta, cruinniú a eagrú leis an ngearánaí má cheapann siad go bhfuil gá leis. Bheadh sé de cheart ag an ngearánaí cara a bheith leo nó tacú leo ag aon chruinniú mar seo.
  - (f) Tionólfar an cruinniú den Bhord Bainistíochta a ndéantar tagairt de i (d) agus (e), laistigh de 10 lá den chruinniú a luaitear i 3.1 thuas.

#### **Céim 5**

- 5.1 Nuair atá an Bord Bainistíochta críochnaithe leis an iniúchadh, ba cheart cinneadh an Bhoird Bainistíochta a chur in iúl i scríbhinn don mhúinteoir agus do ngearánaí laistigh de 5 lá den chruinniú Bord Bainistíochta
- 5.2 Tá athchomharc an Bhord Bainistíochta ina athchomhairc deireannach
- 5.3 Déanfar athbhreithniú ar an gCóras Gearáin seo tar éis 3 mbliana

Sa doiciméid seo, nuair a luaitear “lá”, is “lá scoile” atá i gceist.